Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12005/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0226 (NLE)**

**SAN 602**
**PHARM 135**
**COVID-19 1**
**PROCIV 159**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 406 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa chéad chruinniú de Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 406 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 406 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.7.2026
COM(2026) 406 final

2026/0226 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa chéad chruinniú de Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005)**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcéad chruinniú de Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) i ndáil le glacadh na dtéarmaí tagartha don Choiste sin agus dá Fhochoiste atá beartaithe, Fochoiste atá le bunú le linn an chruinnithe sin freisin.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005)

Is ionstraim den dlí idirnáisiúnta iad na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a glacadh de bhun Airteagal 21 de Bhunreacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) in 2005 agus cuireadh iad in ionad na Rialachán a glacadh in 1969. Tháinig siad i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2007. Tá siad ceangailteach ó thaobh dlí ar Bhallstáit uile EDS, agus ar an Suí Naofa, Lichtinstéin agus an Phalaistín. Leis na Rialacháin, soláthraítear creat dlíthiúil uileghabhálach i réimse na slándála sláinte domhanda agus sainítear cearta agus oibleagáidí na bPáirtithe maidir le himeachtaí agus éigeandálaí sláinte poiblí a bhfuil acmhainneacht trasteorann acu a láimhseáil.

Leasaíodh na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) in 2014, 2022 agus 2024. Is mar thoradh ar na leasuithe a ghlac an Comhthionól Domhanda Sláinte an 1 Meitheamh 2024 a rinneadh an t-athbhreithniú is substaintiúla ar an ionstraim ó tháinig sí i bhfeidhm, agus is é is aidhm do na leasuithe sin na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a neartú i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéim COVID-19, agus ó ráigeanna roimhe sin freisin. Díríonn siad ar fheabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta agus ar chomhar mar fhreagairt ar bhagairtí sláinte agus soláthraíonn siad creat le haghaidh tacaíocht fheabhsaithe chun cur chun feidhme níos láidre na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a áirithiú.

Rinne an Coimisiún na leasuithe a rinneadh in 2024 ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a chaibidliú thar ceann an Aontais, le haghaidh ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, ar bhonn údarú ón gComhairle a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2022/451 ón gComhairle an 3 Márta 2022[1]. An 26 Bealtaine 2025 ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-iarrtar ar na Ballstáit, chun leas an Aontais Eorpaigh, glacadh leis na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún WHA77.17 agus a glacadh an 1 Meitheamh 2024[2].

Níl an tAontas ina pháirtí sna Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005), ós rud é nach bhforáiltear leis na Rialacháin go bhféadfadh eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch aontú dóibh[3].

---

1 IO L 92, 21.3.2022, lch. 1.

2 IO L, 2025/1129, 4.6.2025.

3 Ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh togra curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún in 2022 chun Airteagal 64 de na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a leasú chun go bhféadfadh eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch a bheith ina bpáirtithe. Níor tháinig roinnt Ballstát den Aontas ar chomhaontú maidir leis an togra sin agus dá bhrí sin níor cuireadh é leis an bpacáiste leasuithe a bhí beartaithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) agus a chuir Poblacht na Seice faoi bhráid EDS thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, an 30 Meán Fómhair 2022.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sna Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005). Dhiúltaigh an Ísiltír agus an tSlóvaic do na leasuithe ó 2022 agus ó 2024 ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005), ach níor dhiúltaigh an Iodáil, Poblacht na Seice agus an Ostair ach do na leasuithe ó 2024[4].

## 2.2. Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005)

Bunaítear Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) le hAirteagal 54 bis de na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) chun cur chun feidhme éifeachtach na Rialachán a éascú, go háirithe cur chun feidhme Airteagal 44 maidir le Comhar, cúnamh agus maoiniú agus Airteagal 44 bis maidir leis an Sásra Comhordúcháin Airgeadais. Is airteagal nua é Airteagal 54 bis, arna dtabhairt isteach leis na leasuithe ó 2024 ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005).

De bhun Airteagal 54 bis, míreanna 1 agus 2, bunóidh an Coiste, ag a chéad chruinniú, Fochoiste chun comhairle theicniúil a sholáthar agus chun tuairisciú don Choiste féin. Ina theannta sin, glacfaidh an Coiste, de chomhthoil, a théarmaí tagartha, lena n-áirítear an chaoi a ndéanann an Coiste a chuid gnó, agus na téarmaí tagartha dá Fhochoiste.

De bhun Airteagal 54 bis, mír 4, glacfaidh an Coiste freisin, ag a chéad chruinniú, de chomhthoil, na téarmaí tagartha don Sásra Comhordúcháin Airgeadais, arna bhunú in Airteagal 44 bis de na Rialacháin, agus módúlachtaí le haghaidh a oibríochtú agus a rialachais. Féadfaidh an Coiste socruithe oibre riachtanacha a ghlacadh freisin le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha, rud a d'fhéadfadh tacú le hoibriú an tSásra Comhordúcháin Airgeadais.

Níl aon togra le haghaidh aon téarmaí tagartha den sórt sin ar fáil. Tá sé beartaithe tús a chur leis an gcéad seisiún den Choiste an 31 Lúnasa 2026.

## 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005)

Le linn a chéad chruinnithe, tá Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) chun a théarmaí tagartha féin a ghlacadh, lena n-áirítear an chaoi a ndéanann an Coiste a chuid gnó, chomh maith leis na téarmaí tagartha dá Fhochoiste ('na gníomhartha atá beartaithe').

Tá sé beartaithe le téarmaí tagartha an Choiste agus a Fhochoiste aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna éagsúla, amhail eagrú agus riaradh na gcruinnithe, rannpháirtíocht na mbreathnóirí, ullmhú na gclár oibre, an ionadaíocht, nó módúlachtaí cinnteoireachta, agus dá réir sin cuimseofar leis na téarmaí tagartha na rialacha nós imeachta don Choiste agus dá Fhochoiste.

# 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Chun tacú le feidhmiú cuí Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) agus a Fhochoiste, ba cheart don Aontas tacú le glacadh téarmaí tagartha lena ndéanfaí foráil maidir le feidhmiú agus eagrú éifeachtúil costéifeachtach trédhearcach ordúil na gcruinnithe den Choiste agus dá Fhochoiste agus lena gceadófaí rannpháirtíocht an Aontais mar bhreathnóir.

[4] Chuir an Ísiltír, Poblacht na Seice agus an Ostair in iúl nach raibh siad in ann bailchríoch a chur ar a nós imeachta inmheánach maidir le glacadh leis na leasuithe faoin tráth a tháinig siad i bhfeidhm.

Tá tábhacht ar leith ag baint le rannpháirtíocht an Aontais a cheadú mar bhreathnóir i gcruinnithe Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005), mar aon le rannpháirtíocht a Fhochoiste, ós rud é go bhfuil líon suntasach forálacha sna Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta a thagann faoi ábhair a bhfuil inniúlacht ag an Aontas ina leith, ar bhonn Airteagal 168(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) arna léamh in éineacht le hAirteagal 6 agus Airteagal 168(1) CFAE, chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, iad a chomhordú nó a fhorlíonadh agus ar ann do rialacha de chuid an Aontais ina leith, go háirithe i réimse na mbagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte faoi Rialachán (AE) 2022/2371.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

Is comhlacht é Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta a bunaíodh le comhaontú, is é sin na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005).

Na gníomhartha atá beartaithe a iarrtar ar Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a ghlacadh, beidh éifeachtaí dlíthiúla acu faoi na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) don Aontas.

Leis na gníomhartha sin, cinnfear go háirithe an gceadófar d’eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch, amhail an tAontas, a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí ar Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) agus ar a Fhochoiste. Bíonn éifeachtaí dlíthiúla de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE ag gníomhartha eagraíochtúla den sórt sin lena gcinntear rannpháirtíocht an Aontais i gcruinnithe an Choiste agus an Fhochoiste.

Ina theannta sin, leis na téarmaí tagartha atá le glacadh ag Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005), arb é an ról atá aige cur chun feidhme éifeachtach na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a éascú, cinnfear an bealach a nglacfar cinntí nó moltaí. D’fhéadfadh cinntí nó moltaí den sórt sin difear a dhéanamh do léirmhíniú nó do chur i bhfeidhm fhorálacha na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005). I ndáil leis sin, tagann cuid thábhachtach de na forálacha sin, atá ceangailteach ó thaobh dlí ar Bhallstáit uile an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta, faoi ábhair ar fheidhmigh an tAontas a inniúlachtaí ina leith ar bhonn Airteagal 168(5) CFAE, arna léamh in éineacht le hAirteagal 6 agus Airteagal 168(1) CFAE, chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, iad a chomhordú nó a fhorlíonadh agus ar ann do rialacha de chuid an Aontais ina leith, go háirithe i réimse na mbagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte faoi Rialachán (AE) 2022/2371. Tá an inniúlacht ag Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) agus ag a Fhochoiste cinntí a dhéanamh a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar ábhar rialacha de chuid an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2022/2371. Dá bhrí sin, bíonn éifeachtaí dlíthiúla ag na gníomhartha atá beartaithe de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar na ngníomhartha atá beartaithe le creat struchtúrtha agus modhanna oibre ábhartha a bhunú do Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Sláinte Idirnáisiúnta (2005) agus dá Fhochoiste.

Is iad cuspóir agus raon feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) '*leathadh idirnáisiúnta galar a chosc, ullmhú dó, cosaint a thabhairt ina choinne, é a rialú agus freagairt sláinte poiblí a thabhairt air ar bhealaí atá i gcomhréir le rioscaí sláinte poiblí agus teoranta dóibh, agus lena seachnaítear cur isteach neamhriachtanach ar thrácht idirnáisiúnta agus ar thrádáil idirnáisiúnta*'.

I bhfianaise chuspóirí agus fhorálacha substainteacha na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005), is é Airteagal 168(5) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe, lena bhforáiltear go bhféadfaidh '*Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [...] bearta dreasachta a bhunú a bheidh ceaptha chun sláinte an duine a chosaint agus a fheabhsú, agus go háirithe chun na móraicídí trasteorann a chomhrac, bearta a bhunú a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar mhórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte*'.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 168(5) CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2026/0226 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa chéad chruinniú de Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(5) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2007, agus tháinig na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005), a ghlac an Comhthionól Domhanda Sláinte an 1 Meitheamh 2024, i bhfeidhm an 19 Meán Fómhair 2025, seachas i gcás na Stát is Páirtithe a dhiúltaigh do na leasuithe sin.

(2) Níl an tAontas ina pháirtí sna Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005), toisc nach féidir ach le Stáit a bheith ina bPáirtithe iontu. Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sna Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005).

(3) Le Cinneadh (AE) 2025/1129 ón gComhairle[1], iarrtar ar na Ballstáit glacadh, chun leas an Aontais, gan forchoimeádais, leis na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a glacadh an 1 Meitheamh 2024, a mhéid a bhfuil comhrialacha glactha ag an Aontas ina leith maidir leis na hábhair a dtugtar aghaidh orthu sna leasuithe sin.

(4) Mar thoradh ar na leasuithe sin, i measc nithe eile, bunaíodh Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) agus é mar chuspóir ag an gCoiste sin cur chun feidhme éifeachtach na Rialachán a éascú.

(5) Tá sé beartaithe go nglacfaidh Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a théarmaí tagartha agus na téarmaí tagartha dá Fhochoiste ag a chéad chruinniú .

(6) Má ghlactar na gníomhartha atá beartaithe ag Coiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005), beidh éifeachtaí dlíthiúla acu don Aontas toisc go gcinnfidh siad an gceadófar d’eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch amhail an tAontas páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí ar Choiste na Stát is Páirtithe agus ar a Fhochoiste. Ina theannta sin, beidh éifeachtaí dlíthiúla ag na gníomhartha atá beartaithe, má ghlactar iad, tríd an gcaoi a ndéanfar cinntí amach anseo a chinneadh, is é sin cinntí Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) agus a Fhochoiste. Cinntí

[1] Cinneadh (AE) 2025/1129 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2025 lena n-iarrtar ar na Ballstáit, chun leas an Aontais Eorpaigh, glacadh leis na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún WHA77.17 agus a glacadh an 1 Meitheamh 2024 (IO L, 2025/1129, 4.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1129/oj).

agus moltaí ó Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) agus óna Fhochoiste i ndáil le cur i bhfeidhm agus léirmhíniú na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005), go háirithe na forálacha leasaithe sin a údaraíodh de bhun Chinneadh (AE) 2025/1129 ón gComhairle, d'fhéadfaidís tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar rialacha de chuid an Aontais, agus go háirithe Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lena soláthraítear an creat agus na sásraí ar leibhéal an Aontais chun cosc, ullmhacht agus freagairt ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte de thionscnamh bitheolaíoch, ceimiceach, comhshaoil agus anaithnid a chomhordú agus a neartú.

(7) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a bhunú i ndáil leis na téarmaí tagartha don Choiste agus dá Fhochoiste.

(8) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu ar Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005), ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, chun leas an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú de Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005) tacú le glacadh na dtéarmaí tagartha don Choiste sin agus dá Fhochoiste ar choinníoll go gcomhlíonann na téacsanna críochnaitheacha na coinníollacha seo a leanas:

(a) déantar foráil leo maidir le feidhmiú agus eagrú éifeachtúil costéifeachtach trédhearcach ordúil na gcruinnithe den Choiste agus dá Fhochoiste,

(b) déantar foráil leo maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Choiste agus ina Fhochoiste mar bhreathnóir.

*Airteagal 2*

Is iad na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu ar Choiste na Stát is Páirtithe maidir le Cur Chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005), ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, chun leas an Aontais, a chuirfidh an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1 in iúl.

*Airteagal 3*

Féadfar mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1 a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

---

2 Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2371/oj).

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*